



PREASEISIÚINT Uimh. 4/26

Lucsamburg, 15 Eanáir 2026

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-129/24 | Coillte Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe

Rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol (iarrataí anaithnide): féadfaidh na Ballstáit sainaithint roimh ré a éileamh chun seoladh cuí na n-imeachtaí a áirithiú, cé nach gceanglaítear sainaithint den sórt sin le dlí an Aontais

Is gnóthas foraoiseachta tráchtála é Coillte Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe ('Coillte') atá faoi úinéireacht pháirteach Stát na hÉireann. Idir an 10 Márta 2022 agus an 7 Meitheamh 2022, fuair Coillte 130 iarraidh ar rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol. Tháinig 97 gcinn acu ó iarratasóirí anaithnide nó bhain siad úsáid as ainmneacha bréige arna spreagadh ag carachtair scannáin de ghnáth agus cuireadh i láthair iad i bhformáid chomhionann nó neas-chomhionann, gan seoladh fisiciúil a chur ar fáil. Bhí ábhar na n-iarratas sin an-chosúil lena chéile, rud a d'fhág gur mheas an gnóthas sin go raibh na hiarrataí sin mar chuid d'fheachtas eagraithe a rinneadh ar fhorais amhrasacha agus gur iarr sé ar na 'hiarratasóirí' a n-aitheantas a dheimhniú.

Ós rud é nach bhfuair Coillte aon fhreagra, dhiúltaigh sé do na hiarratais sin toisc iad a bheith neamhbhailí. Rinneadh 81 chinneadh diúltaithe san iomlán a agóid os comhair an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil, a tháinig ar an gconclúid, tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar na chéad 58 gcás, nach bhféadfadh Coillte diúltú do na hiarrataí sin faoi rialacha náisiúnta na hÉireann.

D'iarr an chúirt Éireannach a éisteann an díospóid maidir le cinneadh an Choimisinéara ar an gCúirt an Treoir maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis faoin gcomhshaol ¹ a léiriú, go háirithe, maidir leis an gceart iarrataí ar rochtain ar fhaisnéis a dhéanamh go hanaithnid.

Ina breithiúnas, chinn an Chúirt, cé **nach gceanglaítear leis an Treoir ainm iarbhrí nó seoladh fisiciúil reatha duine a iarrann faisnéis ar an gcomhshaol a nochtadh, nach gcuirtear bac léi ar na húdaráis náisiúnta an fhaisnéis sin a iarraidh ar bhonn an dlí náisiúnta.**

Dá bhrí sin, deimhníonn an Chúirt **go bhféadfaidh na Ballstáit, i gcomhréir le prionsabail na coibhéise agus na héifeachtachta, sainaithint roimh ré a éileamh i gcás ina bhfuil údar le ceanglas den sórt sin chun feidhmiú cuí an nós imeachta a áirithiú.** Dá bhrí sin, tá rialacha náisiúnta amhail na rialacha atá i gceist sna príomhimeachtaí, lena gceanglaítear ar an iarratasóir a ainm iarbhrí agus a sheoladh fisiciúil reatha a lua, i gcomhréir leis an Treoir, ar choinníoll nach lú fabhar iad na rialacha sin ná na rialacha lena rialaítear cásanna comhchosúla faoin dlí náisiúnta (prionsabal na coibhéise) agus nach bhfágann siad go bhfuil sé ródheacair rochtain a fháil ar fhaisnéis faoin gcomhshaol (prionsabal na héifeachtachta).

NÓTA: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cas a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre](#) ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar [‘Europe by Satellite’](#) ☎ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!



¹ [Treoir 2003/4/CE](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis ar an gcomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle.